

Ruairí Mac Easmainn: An Dubh agus An Bán

Séamas Ó Siocháin

Táthar ag argóint le fada faoi dhialanna áirithe a chuirtear i leith Ruairí Mhic Easmainn – na Dialanna Dubha. Arbh é údar na ndialann é nó narbh ea? Diaidh ar ndiaidh ghlac níos mó agus níos mó daoine leis gurbh é Mac Easmainn an t-údar, agus bhí an chuma ar an scéal go gcuirfi an chonspóid chun suain. Ghlac gach duine den cheathrar is déanaí a scríobh beathaisnéisí Mhic Easmainn gur leis na Dialanna Dubha (féach MacColl, Inglis, Reid, agus Sawyer) ach i 1997 foilsíodh dhá leabhar faoi na dialanna a chuir spianc leis an aighneas athnair (Mitchell agus Sawyer). Baineann abhar an dá leabhar leis an mbliain 1910, an bhliain ar thaisil Mac Easmainn go dtí ceantar an Putumayo, fo-abhainn den Amasón, i BPeiriú, Meiriceá Theas. Chuairt sé ann le hiníúchadh a dheanamh ar thuariscí faoi fhoreigean a bheith á imirt ar dhúchasai na háite ag bail de chomhlacht rubair a bhí cláraithe i Londain, an Peruvian Amazon Company. Ba de thoradh na tuairisce a scríobh sé ar an eachtra sin a bronnadh ridiréacht ar Mhac Easmainn.

Is é atá sna Dialanna Dubha, go bunúsach, ná imleabhair 1903 (bliain an fhiosraithe a ná imleabhair 1903 (bliain an fhiosraithe a rinne sé sa Chongó), 1910, 1911, maille le Leabhar Airgeadais ('Cash Ledger') do 1911. Ba sa dá bhliain dheireanacha sin a raibh ple aige leis an Putumayo. Is le gnáthimeachtaí laethúla a bhaineann formhór na n-iontrálacha sna dialanna, ach ina measc tá áiteanna a ndéineann sé cur síos ar ghníomhartha nó ar eachtraí samhalta homaighnéasacha. Is i llonghahireacht a théann na gníomhartha sin le himéacht ama. Don bhliain 1910, áfach – nó ar a laghad an chuid sin di a raibh Mac Easmainn sa Phutumayo – mairéann an dara dialann, ar a dtugtar uaireanta An Dialann Bhán. Is faide go mór an dialann seo ná an Dialann Dhubbh agus níl aon deismireachtaí gnéasacha inti. Is iad an dá dhialann seo ó 1910 a bheartaigh Mitchell agus Sawyer (le chéile) a chur i gcló, go dtí gur éirigh easaontas eatarthu faoi údaracht na ndialann. Thosaigh conspóid na ndialann i 1916, sular cuirteadh Mac Easmainn chun báis. Nuair a bhí an chuma ar an scéal go gcuirfeadh go leor daoine ag a raibh seasamh sa phobal a n-ainmneacha le hachainí ar son trócaire a léiriú dó de bharr a shaothair dhaonchhairdiúil, cuireadh tús le feachtas eile ina aghaidh. Daoine údarásacha i Londain thosaigh siad ag taispeáint ábhar scríofa do dhaoine ceannasacha eile. Dúradh gur bhain an t-abhar seo le dialanna Mhic Easmainn, ina raibh cur síos ar ghníomhartha homaighnéasacha in áiteanna éagsúla inar thaisil sé. Tréas a cuireadh i leith Mhic Easmainn. Ciontáidh é agus daoradh chun báis é. In ainneoin nach raibh aon bhaint ag na dialanna lena chiontu, is cinnte go ndearna an phoiblíocht fúthu dochar do na hiarrachtaí a eagraíodh nach gcuirfi breith an bháis i bhfeidhm. Níl éinne ann anois nach

n-admháionn ach gur náireach an mhi-úsáid a baineadh as na dialanna ag an am. Tá ceist údaracht na ndialann beo ó shin. I ndiaidh 1916 caitheadh clóca na rúndiamh-rachta thart orthu agus ní raibh Rialtas na Breataine sásta a dhearbhu nó a bhreagnu arbh ann do na dialanna. Toisc nár taispeánadh ach leathanaigh nó deismreachtai astu i 1916, níorbh fhios go bailleach, fiú, cé na dialanna a bhí i gceist. Ní go dtí 1959, nuair a d'eisigh Peter Singleton-Gates agus Maurice Cirodias i bParas eagrán de dhialanna 1903 agus 1910 (agus an Cash Ledger in eagrán amháin), ní go dtí sin a tuiheadh cad a bhí i gceist. Go luath ina dhiaidh seo cuirteadh na dialanna in Oifig na dTairfead Poiblí i Londain agus cead ag scoláirí dul i mbun taighde orthu. Leis sin tháinig athrú sóirt ar an gconspóid. Ó 1959 ar aghaidh is leis na ceithre imleabhar a luadh thuas a bhaineann an chonspóid.

Argóint Roger Sawyer

Leagann Roger Sawyer a argóint síúd amach sa Réamhrá ina leabhar *Roger Casement's Diaries: the Black and the White* (1997). Tugtar nod dúinn faoin dearcadh atá aige le leagan amach an leabhair féin: eagrán iomlán den Dialann Dhubh i dtosach agus leagan giorraithe den Dialann Bhán ina dhiaidh sin. Pléann sé tabhacht an dá dhialann go ginearálta agus mar chabhair chun pearsantacht Mhic Easmainn a mheas. Diríonn sé an-chuid den Réamhrá ar cheist achrannach eile, is é sin, stair dhoiléir na lámhscríbhinní féin (Sawyer 1997, 7-17). Ach tá ceartlar an áitithe aige sna leathanaigh ina dtugann sé freagra ar chúig argóint ar leith a bhíonn acu sin a chreideann gur doiciméidí falsaithe iad na dialanna.

Cuireann sé an chead argóint acu as an áireamh go tapaidh agus go cul. De réir na hargóna sin falsatódh na dialanna trí

Is é an tríú argóint ag 'scoil na falsaithe' ná go bhfuil fianaise inmheánach sna dialanna a léiríonn gur falsatódh iad, is é sin le rá, fianaise a léiríonn lámh an fhaisaitheora sa téacs. Luann Sawyer sampla a chuir Herbert Mackey ar aghaidh go minic, is é sin gur athraigh an falsaitheoir an t-ainm 'Bulmer' (Hobson) go 'Miller', fear a raibh caidreamh collai ag Mac Easmainn leis de réir na Dialainne Duibhe. Bhunaigh Mackey a thuairim ar na litreacha 'l', 'e', agus 'r' a bheith sa dá ainm. Dar le Mackey, mar sin, 'd'athraigh an falsaitheoir an ghnáth-thagairt do 'Bulmer' i scríbhinn de chuid Mhic Easmainn go 'Miller', pearsa bhreagach. Mar fhreagra ar an áitíú sin tugann Sawyer le fios gur bh é 'Miller', le 'a', seachas 'Miller', ainm an fhir, agus (mar le fianaise sheachtrach) gur éirigh le Rannóg Faisnéise Roinn Chogaidh na Breataine an fear féin a aimsiú i 1916.

Fianaise sheachtrach atá sa cheathrú hargóint a dtugann Sawyer aghaidh air. Is é atá i gceist leis sin, tagairt a bheith sa dialann do rudat a bhain leis an saol lasmuigh agus a

Iathair ag an tástáil sin. Dearbháinn se, chomh maith, gur argóint láidir é ar son údaracht na ndialann a chruthú go bhfuilid fós ann, is é sin, nár scríosadh iad. Agus tá sé dochreidte, dar leis, gur cumadh na dialanna toisc 'the sheer complexity of the insider detail in the diaries'.

Argóint Angus Mitchell

'The Diaries Controversy' atá mar theideal ag Angus Mitchell ar an Réamhrá aige ina leabhar siúd *The Amazon Journal of Roger Casement* (1997, 15-56). Tá an t-íomlán de, nach mór, tughtha don téama sin, bíodh is gur eagrán den Dialann Bhán amháin atá sa leabhar, arb í an fhoinse is tábhachtaí i ar obair dhaochhaidriúil Mhic Easmainn san Putumayo i 1910. Chomh luath is a chreid an Mistéalach – ón diantairighde a rinne sé ar shaothar Mhic Easmainn ar an Amasón – gur doiciméidí falsaithe iad na Dialanna Dubha, ní raibh sé sásta iad a chur i gcló. Léiríonn sé sa Réamhrá na hargóintí ginearálta aige, ach tá a gcruthú nó a mbréagnú le fáil i sraith fhada fonóití atá curtha aige le téacs na dialainne féin. Ionntu seo feiceann sé, dar leis, go leor pointí a thagann salach ar a bhfuil sa Dialann Dhubbh don tréimhse chéanna.

Lorgáinn Mitchell bunchnúis leis an bhfalsú. Dar leis bhí cúiseanna gearrthéar-macha agus cúiseanna fadtéarmacha ann (Mitchell 1997, 45 srl.). Go gearrthéarmach bhí na húdaráis ag iarraidh a chinnitú go gcuirfi Mac Easmainn chun báis; trí shleachta a chur timpeall a léirigh 'sexual degeneracy' an phríosúnaigh, baineadh an bonn de na hiarrachtaí a bhíodhas á n-eagrú chun pardún a bhaint amach dó. Ba leithne an chúis fhadtéarmach. Mar a deir Mitchell, ba iad na fíorsraithe ag Mac Easmainn 'that helped build a factual case supporting the historical heart of darkness which lay in the shadowy soul of Euroimperialism and the White Man's

thugann leid dúinn i dtaobh Mhic Easmainn mar údar. Tugann sé dhá shampla: (i) go raibh a leitheid d'óstán i mBeal Feirste agus an Grand Central Hotel. Luaitear an áit sin sa dialann mar ionad cumarsáide idir Mac Easmainn agus Millar, agus (ii) go bhfuil griangraf d'fhíormhac baistí de chuid Mhic Easmainn greamaithe taobh istigh de chliúdach an Ledger ó 1911 (rud a mbeadh sé an-deacair ag falsaitheoir teacht air nó fiú a shamhlú).

Déantar argóint, sa chúigiú áit, 'that nobody had noticed the subject's alleged propensities before he fell foul of the British authorities'. Maíonn lucht scoil na falsáiochta go láidir nach bhfaca duine ar bith de lucht aitheantais Mhic Easmainn aon fhianaise de thréithe homaighnéasacha ann, agus nach raibh d'fhianaise ann ach an méid a bhí sna dialanna. I dtaca leis seo, Iuann Sawyer fianaise Ernest Hambloch, a bhí mar Leas-Chonsal ar feadh tréimhse ghairid ag Mac Easmainn in Rio de Janeiro. Scríobh Hambloch níos déanaí agus go hindireach faoi homaighnéasachas Mhic Easmainn. Agus, ar ndóigh, Iuann Sawyer cas íomráiteach charadas Mhic Easmainn le Adler Christensen, an t-ógfhear ón Iorua a chuairigh mar chompanach leis ó Mheiricea go dtí an Ghearmáin i 1914. Deineann sé tagairt do dhoiciméidí a scaoil Oifig na dTáifead Poiblí (Londain) amach i 1995 ina bhfuil fianaise faoi mhíon a thug roinnt torthach ag an am – fíostaithe (a bhíormhór) san Grand Hotel, Chrístiania (Oslo), inar fhan an bheirt – gur caradas gnéasach a bhí idir an bheirt acu.

Mar chríoch, tugann Sawyer níos mó eolais ná mar a thug sé dúinn i 1984 ina bheathaisnéis ar Mhac Easmainn faoi thástáil ultraiválait a deineadh (ar dháta nach luaitear) ar an dialann a bhaineann le 1911. Bhí Peter Singleton-Gates, an Dr Letitia Fairfield agus feidhmeannach anaithnid i

vision of civilization' (Mitchell 1997, 47). Sa dara cuid den naou céad déag, 'British influence in the Amazon far exceeded that of any other nation' (Mitchell 1997, 47) go háirithe i gcúrsaí rubair. Nuair a nocht Mac Easmainn i, ghoill fírinne an scéil ar lucht na cumhachta sa Bhreatain, is é sin go raibh brabús na trádála sin bunaithe ar an bhforeigean a bhí á imirt ar dhúchasáigh na bhforaoiseacha. Is éard a rinne falsú na ndialann ná 'smokescreen' a chaitheamh 'around the whole position of British influence in the Amazon' (Mitchell 1997, 41), tri aird a dhíriú ar mhóráiltacht thruaillithe Mhic Easmainn seachas ar an mbruidiúlacht féin.

Ní fíordhoiciméidí homaighnéasacha iad na dialanna, dar leis an Mistealach. Deir sé:

They were manufactured in an age when acts of homosexuality were considered sexually degenerate. Whoever wrote the diaries had a desire to portray Casement and homosexuality as a sickness, perversion and crime for which a person should suffer guilt, repression, hatred and, most of all, alienation and loneliness. These are not the confessions of a Jean Genet or Tennessee Williams, W.H. Auden or Oscar Moore. Rather than sympathising with the struggle of the homosexual conscience, they are clearly homophobic documents. (Mitchell 1997, 9)

D'fhéachas féin go cúramach ar gach ceann de na fonótaí ar a mbunatáin Mitchell an dearcadh aige gur falsáidh na dialanna. Ina bhformhór mór, ní aontáim leis an mbrí a bhaineann sé as an mbunábhar a fhaighneann sé roimhe. Dá bhri sin ní thagaim leis na conclúidí aige. Cé go bhfuil líon beag cásanna ann nach ritheann minú ortu chugam, creidim go bhféadfaí fuascailt na gcásanna sin a aimsiú chomh maith ach cur chuige.

Dar liom, is mó de thacaíocht le fírinneacht na Dialainne Duibhe seachas a mhálairt a thugann roinnt de na samplaí aige. Mar shampla, nuair a chuaigh Mac Easmainn ar bhord Ioinge i bPará i lár mhí na Nollag 1910, le fillleadh ar an Eoraip, bhí mar phaisinéir leis Iorúach óg, arbh ainm dó Orvard Lorentzen. Deir Mitchell:

Casement's fellow passenger Orvard Lorentzen is mentioned on four separate occasions in the Black Diary although his name is spelt Laurensen. The Black Diary also stressed that he was a 'young Norwegian' an effort, no doubt, to subliminally associate his

Peruvian Amazon Company san Putumayo, scriobh Mac Easmainn san Amazon Journal.

I swear to God, I'd hang every one of the band of wretches with my own hands if I had the power, and do it with the greatest pleasure. I have never shot game with any pleasure, have indeed, abandoned all shooting for that reason, that I dislike the thought of taking life. I have never given life to anyone myself and my celibacy makes me frugal of human life, but I'd shoot or exterminate these infamous scoundrels more gladly than I should shoot a crocodile or kill a snake. (144 agus nota 131).

Dirtom an Mistealach aird ar an teama seo, chomh maith, sa Réamhrá aige. Ceapann Mitchell gur gá dóibh síúd 'who believe in the "authenticity" of both "black" and "white" diaries' ceist a chur orthu féin 'exactly what Casement means by this reference to his "celibacy"'. Go díreach é. Féach an téarmaíocht a úsáideann Mac Easmainn sa síocht seo: díothú beatha (mar) agus tabhairt beatha (giniúint). Féach, go háirithe, an frása: 'I have never given life to anyone myself, and my celibacy makes me frugal of human life' (Iiomsa an bheim). Faighítear sampla eile den leagan cainte céanna ar lch 313, áit a labhraíonn sé faoi lucht fóireigin san Putumayo: 'These lords and masters, the undisputed givers of life (they all have harems of ravished girls and women) and death, they all murder' (Iiomsa an bheim). Arts, anseo, tá codarsnacht idir 'tabhairt beatha' agus 'díothú beatha'. Úsáideann Mac Easmainn an focal 'aontumha' sa chiall náir ghin sé páiste riamh. Tugtar dhá bhri don fhocal 'aontumha/celibacy' sna foclóirí: gan a bheith pósta agus gearmanat. Roghnaíonn an Mistealach an dara bri; d'fhéadfaí a rá go bhfuil úsáid an fhocail ag Mac Easmainn féin níos gaire don chéad bhri. Chomh maith leis seo, má tá an Mistealach ag dearbhu go raibh Mac Easmainn gearmanat (nár chleacht sé caidreamh collai) ní mór dó

name with Adler Christensen, the rather shady man servant who accompanied Casement, during his antics in Norway and Germany. (495n337, 17 Nollaig).

Mar a tharláim, ní luaitear ainm Lorentzen ar chor ar bith san Amazon Journal. De bharr a chuid taighde féin, agus ard-mholadh ag dul dó da réir, tháinig Mitchell ar a ainm i nuachtán sa Bhrasail, *Folha do Norte*, inar tuagadh liosta paisinéirí na loinge. Má tá fianaise neamhspleách seachtarach den saghas seo ar fáil go raibh Lorentzen ar an long, nach tacaíocht é seo le húdarácht na Dialainne Duibhe seachas a mhalaí? Chomh maith leis sin, ar an tríú hócáid a luaitear an tiorach, mar 'Lorentzen' a litrítear é, léiríú ar an nós coitianta ag Mac Easmainn eagsúlacht litríthe a bheith aige ar ainmneacha i dteangacha iasachta (Sawyer 1997, 128-30). Is áit, chomh maith, go dtabharfaidh Mitchell 'antics' ar imeachtaí Mhic Easmainn. Baineann cuid de shamplaí Mitchell le litríú. Feictear é ar 17 Meán Fómhair i leith ainm phíolóta an bháid *Liberal*. I ngíota de lámhscríbhinn a fuair an Mistealach i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann tugtar ainm an fhír mar 'Samuel Písgara'. Deir an Mistealach: 'The name Samuel Písgara becomes Simon Písgaro or Simon Pizarro in the corresponding Black Diary entry for 17 September although Casement was clearly confused by the pilot's name and corrected himself in an entry on 18 and 23 November ...' (113n118, 17 Meán Fómhair). Ach, ní úsáidtear an leagan 'Samuel Písgara' in aon áit eile ach sa ghíota den lámhscríbhinn seo sa Leabharlann Náisiúnta. Gach áit a luaitear an t-ainm san Amazon Journal is mar 'Simon Písgaro' atá sé, díreach mar atá san Dialainn Dhubh!

Pleithidh mé, anois, an chéad cheann den dá mhórsthampa a luann Mitchell, is é sin, ceist 'aontumha' Mhic Easmainn. Ar 29 Meán Fómhair, ag tagairt dó do lucht údaráis an

miniu a thabhairt ar an gcaidreamh a bhí idir Mac Easmainn agus Adler Christensen (cé go raibh sé sin fós le titim amach – i 1910).

Bainnean an dara mórshampla atá luaithe

ag Mitchell le laige sul Mhic Easmainn le linn

1910. Dírionn sé aird ar an gceist sa Réamhrá:

'From the onset of the voyage Casement

began to suffer a chronic eye infection which

he referred to with mounting concern in his

correspondence with friends and Foreign

Office colleagues as he journeyed up river;

Deintear an chead tagairt ar 11 Lúnasa:

Over the next two months the problem

continued until the night of Wednesday 12

October when he was forced to bandage both

eyes and was rendered momentarily blind,

albeit at night. In all he mentions his eye

problem on more than fifteen separate

occasions in his correspondence and journals –

and at times at some length. By contrast, the

Black Diaries avoids any mention of the eye

infection until eighty days after the outset of

the journey when it is nonchalantly mentioned

in the entry for 10 October. (Mitchell 1997, 44)

Tá dhá chuid leis an argóint ag an Mistealach faoi laige sul Mhic Easmainn. Cuid amháin de is ea nár luadh an fhadhb sa Dialann Dhubh go dtí 10 Deireadh Fómhair. Le haghaidh a thabhairt ar an ngné seo den argóint, ní mór anailís a dhéanamh ar na tagairtí éagsúla don ghalair sul. Má fheachtar go cruinn ar théacs an Amazon Journal, níor luaign Mac Easmainn na suille aige ach *ceithre* huaire sular luadh iad sa Dialann Dhubh. Luaign sé iad i litreacha príobháideacha chuib comhghleacaithe sa Roimn Gnóthai Eachtracha, dhá nair i mí Lúnasa (an-ghar dá chéile) ar 11ú lá chuib Spicer agus ar an 14ú lá chuib Tyrrell, agus dhá nair i mí Mheán Fómhair (aris gar dá chéile) ar an 12ú lá chuib Tyrrell agus ar an 13ú lá chuib Spicer. Ní mór a admháil nach luaitear na suille ar na hócáidí seo sa Dialann Dhubh, ach ar an dáta deireanach acu, deir Mac Easmainn go raibh

sé ag baint feidhme as fear cóipeála, Mr.

Osborne, chun cabhrú leis fianaise a

bhreacadh síos ó na fir oibre ó Bharbados. Ní

luaitear an mhír eolais seo san Amazon

Journal agus d'fhéadfaí glacadh leis mar nod

faoin bhfadhb sul, is é sin, gur loirg sé

cabhair leis an scríobh. Má fheachann duine

athuair ar stíl chainte an Mhistealigh arts,

tar eis feachaint ar an bhfianaise, is soiléir go

bhfuil casadh ar leith á chur aige ar an scéal:

'momentarily blind', 'fifteen separate

occasions', 'eighty days', 'rather nonchalantly

mentioned' (cad tá 'nonchalant' faoin

tagairt?).

An tionchar a bhí ag an laige sul ar a

chumas scríbhneoireachta, sin é an dara gné

den argóint: cén fáth a gcoinneodh Mac

Easmainn dhá dhialann faoi choinníollacha

mar seo and cén fáth go bhfuil mínpheann-

aireacht dúch sa Dialann Dhubh, nuair a

d'úsáid sé peann luaidhe sa scríbhneoireacht

eile leis ag an am? Seo iad smaointe an

Mhistealigh:

The handwriting in Casement's genuine journal is quite clearly affected by his increasing eye problem and his pages of pencilled script become unusually untidy and scrappy during this journey though the forest when his vision was clearly impaired by his ocular infection. The corresponding entries in the Black Diary for 12-13 October are neatly written in black ink – the tightly-packed script shows no signs whatsoever of the shakiness evident in Casement's own hand. Future handwriting experts seeking to make a judgement about the Black Diaries should begin with a comparison of these days. On the strength of handwriting analysis alone of these parallel entries, it becomes extremely difficult to believe that the same man wrote both journals.' (222n169)

Ceist theicniúil i ceist na peannaireachta agus beidh malairt tuairimí ag daoine faoi. Luadh thuas tuairimí na beirte eolai scríbhneoireachta a d'fhéach ar na dialanna,

agus a mhaigh gur scríbhneoireacht Mhic Easmainn a bhí iontu. Go dtí seo bhí lucht Easmainn a bhí iontu. Go dtí seo bhí lucht scríofa beathaisnéise Mhic Easmainn curamach a admháil nárbh eolaithe lámhscríbhneoireachta iad féin. Ach taobh amuigh de cheist an scríbhneoireacht a aithní, is féidir roinnt rudai eile a rá. Can dabh, bhí fadhb súl ag cur as do Kuarir Mac Easmainn. Ar 10 Deireadh Fómhair, mar shampla, gar don tréimhse ba mhéasa dóibh, scríobh sé san Putumayo Journal: 'My eye is getting very bad, and I have to do all my writing now with one eye – the right – the left is carefully bandaged up.' Ar Ich 44 deir Mitchell gurb é ceann de na torthaí a bhí air seo ná: 'it forced him to be as economic with his writing as possible and avoid unnecessary strain.' Ach níor thainig laghdú ar an méid a scríobh sé de bharr deacrachtaí radhairc; lean sé leis ag tógaint fianaise go rialta ó oibríthe Barbados faoin chóras bailithe rubair agus a bpáirtsean san uafás a bhí ar síúl agus lean sé leis ag scríobh an Putumayo Journal ('a massive manuscript', dar le Mitchell). San iomlán, deir Mitchell féin: 'Casement averaged between three thousand and four thousand words a day during the seventy-five days he spent travelling through the Putumayo – a considerable workload' (55). Mhá bhain sé úsáid as peann luaidhe le haghaidh cuid mhaith de seo, d'fhéadfaí dhá chúis á lua: (i) laige súl, ach (ii) go raibh air go leor fianaise a bhreacadh síos go tapaidh, de réir mar a bhí daoine ag tabhairt fianaise os a chomhair nó ag labhairt leis. B'fhusa sin a dhéanamh, cheapfainn, le peann luaidhe.

Pearsantacht agus claonadh gnéasach Mhic Easmainn

Nuair a fhéachaimid ar na dialanna, tógfar ar ais sinn ar dtreadh go dtí meastachán ar phearsantacht, ar mhoralíocht agus ar chlaonadh gnéasach Mhic Easmainn. (Ní thig liom ach an téama a lua anseo. Ba gha machnamh iomlán a dhéanamh ar an gceist.) Is minic a fheiceann scoláirí codarsnacht idir an fear a scríobh na Dialanna Dubha agus an fear poiblí. Chítear é sin do Roger McHugh, mar shampla, san aiste churamach a scríobh sé ag áiteamh gur falsáid na dialanna. Seo mar a bhí le rá aige, tar éis dó comparáid a dhéanamh idir an dá dhialann do 1910:

Were there then two Casements? The Casement of the fuller diary has the ring of an integrated personality, a strict sense of morality, a sensitivity to human suffering and an intelligence and dedication in his mission which make a coherent impression on the reader. The diarist of the shorter diary is at once capable of moral judgements and of complete immoral comments; of contempt for homosexual behaviour and of secret addiction to it. This impression of discrepancy is caused by a small percentage of indecencies scattered throughout the shorter diary. Could a personality so split as this have kept its secret? Or is it to be explained by the theory that this shorter diary which, unlike the fuller diary, had been through police hands, was doctored by the insertion of scattered indecencies. (McHugh 1960)

Dhá phointe bhreise. Níorbh ionann deiradh an dá dhialann. Gnáthleathanaigh scaoilte a d'úsáid sé don Putumayo Journal, mar sin bhí ar a chumas pé ar bith méid a theastaigh uaidh a scríobh. Ní raibh teora spáis i gceist. Ach fíordhialann a bhí sa Dialann Dhubh agus spás teoranta inti le haghaidh gach lae. Dá mba mhian leis go leor eolais a

sexuality was only one of the signs of that.
(Reid 1976, 40)

Tá breitheanna den saghas seo bunaithe ar léamh ar bheagan sleachta as scríbhinní Mhic Easmainn. Tá ceann de na sleachta is tabhachtaí acu seo sa Dialann Dhubbh do 1910. Ní nach ionadh, faightear é i measc na bhfónótáil ag an Mistealach. Ar 4 Deireadh Fómhair tá an ráiteas seo san Amazon Journal: 'Even the table boys go to their hammocks at 9 a.m. and lie down three deep playing with each other.' Maíonn Mitchell gur baineadh casadh as an abairt neamhurchoideach seo sa Dialann Dhubbh, agus gur cuirteadh leis mar seo:

At 9 to bath and found 'Andokes', the light boy & a little boy in hammock outside bathroom, all doing what Coudenhove once said of the boys of Rome, & Johnston of the Nyasaland Boys, without concealment! The other servants looking on practically while these boys played with each other, with laughter and jokes! A fine beastly morality for a Christian Co. at 9 a.m. with three of the domestic servants.'

Dearfainn dhá rud faoin deismireacht seo. Sa chéad áit, tá sé dochreidte go bhféadfadh falsaitheoir tagairtí chomh beacht don homaighnéasachas a chuamadh, tagairtí a luann tuairimí bheirt de lucht aitheantais Mhic Easmainn. Chuir sé aithne ar na deartháireacha Coudenhove san Áitric agus ar (Sir) Harry Johnston san fheachtas sa Chongó. Dar liom, léiríonn an síocht go raibh sé eolach ar an homaighnéasachas i gcultúir éagsúla.

Ceist níos tabhachtaí atá le cur ná cén míniú is cóir a bhaint as an síocht? Clactar leis go forleathan go bhfuil Mac Easmainn cáinteach ar iompar na ndaoine óga a fheiceann sé. Agus é féin sa tóir ar fhir óga go minic! Seo an síocht atá taobh thiar den ráiteas thuas ag McHugh: 'capable ... of

Tá dearcadh Mitchell ag teacht a bheag nó a mhór leis seo. Agus é ag scríobh faoi litreacha Mhic Easmainn ó Mheán Fómhair 1910, deir sé: 'The figure of Roger Casement who emerges from it is so different in general attitude and moral values from the Casement portrayed by the Black Diaries as to be totally irreconcilable' (Mitchell 1997, 42). Mar a chonaiceamar, ba é aidhm an fhalsaitheora, dar leis, ná 'to portray Casement and homosexuality as a sickness, perversion and crime', agus d'éirigh le feachtas na ndialann clú Mhic Easmainn a lot (Mitchell 1997, 9).

Ag tagairt do don dialann ó 1911, deir sé: 'By this account the diarist did little on this journey except fantasize and seek out willing sexual partners or seduce under-age boys at every opportunity' (Mitchell 1997, 27) agus 'Biographers have seemed reluctant to scrutinize this document too closely, since it unequivocally portrays Casement as both a pederast and obsessive fantasist' (Mitchell 1997, 35).

Tá ioróin sa scéal, ach aontáim daoine ar gach taobh den chonspóid seo go bhfuil 'an dá Mhac Easmainn' ann. Feiceann lucht scoil na falsaitheora (Mackey, McHugh, Mitchell) an dá chuid, ach creideann siad nach bhfuil ach leath amháin fíor. Feiceann 'scoil na húdaráchta' (MacColl, Inglis, Reid, Sawyer) an dá chuid, agus feiceann siad laige carachtair ann. Labhráim siad faoi 'ambivalence', 'dividedness', 'compartmentalisation' agus 'schizoid personality'. Dearbháim Reid é seo go láidir, nuair a deir sé:

If we are to deal alright with Casement, ... we must begin by forgiving his kind of sexuality, if it requires forgiving, and pitying it only because it drove him into pitiable straits. And we must understand his own way of thinking and acting as a sign of a total complex symptomatology: to give it a clinical name, he was a schizoid personality, hazardously rooted in the real world. His treatment of his own

a man of no sex. For he surely was not heterosexual. Nowhere in all the evidence is there any real sign of his being romantically or passionately drawn to a woman. A great many women were strongly attracted to him, quite properly and naturally; but not he to them ... Anyone who argues that Casement was not homosexual must go on to call him passionless, and that is another reason that will not wash. He was a man of powerful sexual feeling. The problem was that he was attracted to men not to women. (Reid 1976, 481)

Concluid

Ceist dheacair i an cheist i dtuobh chlaonadh gnéasach Mhic Easmainn. Fágadh againn corpas mór dá shaothar scríofa, ach is ar éigean atá an nod is lu le fáil sna scríbhinní sin ar cheist an ghnéis. Caitifrimid brath cuid mhór ar na dialanna. Agus is cuma cén tuobh den argóint fúthu sin a thógann duine, fágfar gnéithe den sceal nach mbeidh sásúil. Dóibh sin a chreideann i bhfirinne na ndialann (agus taim féin ina measc cé go bhfuil méid áirithe eiginnteachta orm), is ait nar fágadh ach dialanna do 1903 agus do 1910-11 (seachas dialann a choinnigh Mac Easmainn sa Gheartmáin); is ait i stair chasta na lámhscríbhinní féin ó 1916 i leith; is ait nar aithin (nó an amhlaidh nar admháiigh?) cairde le Mac Easmainn an homaighnéasachas aige, má b'fhíor; is ait (tuobh amuigh de chas Christensen) chomh tanat is atá gíotat eile fianaise (Hambloch, Serjeant Sullivan, Bigger). Dóibh sin a chreideann gur falsatódh na dialanna, ní mór a admháil go bhfuil na dialanna ann, agus go bhfuil sé deacair a shamhlú go bhféadfaí an insint laethúil iontu a chumadh (gnáthimeachtaí nó imeachtaí gnéasacha); go dtacaíom pé tásáil atá déanta ar na dialanna leis an dearcadh gur scríbhneoireacht Mhic Easmainn atá iontu agus nar cuirteadh breis ábhar leo; agus, cé go bhfuil an fhianaise tuobh amuigh de na dialanna faoi chlaonadh gnéasach Mhic

contempt for homosexual behaviour and of secret addiction to it'. Mar an gcéanna le Roger Sawyer: 'Casement was appaled because servants, looking on while two young boys "played with each other", found the spectacle amusing. His reaction is distinctly puritanical; surely these lines expressing his disgust would have been erased/written over/modified by a forger wishing to give the impression that the diarist was himself addicted to similar practices' (Sawyer 1997, 91). Teann Reid níos faide fós nuair a dheineann sé teideal cabidle as 'A Fine Beastly Morality for a Christian Co.'; nuair a mháíonn sé gur théach Mac Easmainn ar an ócáid 'with a surprising conventional censoriousness'; agus nuair a deir sé: 'But Casement's reaction to the scene presents one with the same problem as his response to the suicide of Sir Hector MacDonald and can only be explained in the same way as illogical and self-deceiving, in fact schizoid' (Reid 1976, 109).
 Dar liom féin, tá gach aon duine acu seo ag déanamh éagóra ar Mhac Easmainn, toisc go ndéineann siad míléamh ar an síloch. Sílímse gur greann atá sa síloch seachas cáineadh. Caint íoróineach atá aige, go háirithe an abairt dheireanach leis an leagan 'a fine beastly morality'. Creidim gur chuir an míléamh a rinneadh ar an síloch seo leis an míléamh a rinneadh ar phearsantacht Mhic Easmainn féin.
 Fágann sin an cheist faoi chlaonadh gnéasach Mhic Easmainn fós gan freagar. Glacaim féin leis gurbh fhear homaighnéasach a bhí ann agus gurbh é a scríobh na dialanna. Tagaim leis an tuairim ag Reid faoi seo, agus ní dóigh liom go bhfuil sé ráite ar shli níos soiléire ag éinne eile:
 A consideration that seems to have been overlooked in arguing the forgery thesis pro and con is this: if the diaries are spurious and Casement was not a homosexual, then he was

Easmáin tearc, go luíonn a bhfuil ann leis an teis gurbh fhear homaighnéasach é. Ní mór a admháil, chomh maith, go mbíonn rian an homaíobe le sonrú ar chuid de scríbhinní scoil na falsaíochta.

Tógann an dá leabhar a foilsíodh i 1997 an chonspóid céim eile ar aghaidh. Tugann leabhar Sawyer eagrán cruinn dúinn den Dialann Dhubbh ó 1910, fonótaí iomadúla faoin téacs agus argóint sa Réamhrá ar son údaracht an téacs. Tugann leabhar Mitchell téacs iomlán na Dialainne Báine, a léiríonn go míon obair Mhic Easmáin sa Putumayo i 1910; ach cuireann sé casadh nua i gconspóid na ndialann, toisc go gcreideann sé go mbreagnáíonn an Amazon Journal go leor pointí eolais atá sa Dialann Dhubbh. Tá dhá leabhar eile geallta ag an Místéalach faoin Putumayo ina mbeidh plé breise faoi na dialanna. Cé nach dtagaim lena chuid argóint, bead ag súil lena shaothar.

Tagairtí

- Inglis, Brian, 1973. *Roger Casement*, London: Hodder & Stoughton.
- MacColl, René, 1956. *Roger Casement: a New Judgement*, London: Hamish Hamilton.
- McHugh, Roger, 1960. Casement: the Public Record Office Manuscripts, *Threshold*, 1 (4), Samhradh, 28-57.
- Mitchell, Angus, 1997. *The Amazon Journal of Roger Casement*, Dublin: Lilliput Press.
- Reid, B. L., 1976. *The Lives of Roger Casement*, New Haven: Yale University Press.
- Sawyer, Roger, 1984. *Casement: the Flawed Hero*, London: Routledge & Kegan Paul.
- Sawyer, Roger, 1997. *Roger Casement's Diaries; the Black and the White*, London: Pimlico.